

Siar sna Blianta



Siopa an Phobail mar a bhí thart ar 1980



Baibín agus Timín Joe Tim lena gcuid earraí ag Seó an Chlocháin i ndeireadh na seascaidí.



*Cnocán Glas
Tigh Antoine John Niocláis Ó Curraidhin ar an gCnocán Glas sna caogaidí.*



Seo pictiúr a tógadh mar chárta poist de dhaoine áitiúla ag déanamh turas chuig an tobar thiar Lá an Phátrúin.

Má tá aon eolas breise ag aon duine faoin bpictiúr, cé a thóg é, nó cé hiad na daoine atá ann, bheadh muid thar a bheith buíoch dá gcuirfí chugainn é.

[Míle buíochas le Tom Sailí Ó Fatharta a chur an pictiúr ar fáil do Choiste Pobail na Tulai.]



*Máire Bn. Uí Mhainnín, nach maireann,
i bhfeighil ranga i Scoil Sailearna i 1987. An bhfuil tú ann?*



Sráidbhaile an Spidéil thart ar 1980

Siar sna Blianta



Ar chlé: Bairbre agus Joe Choilm Uí Churraidhin as Both Loiscthe, Júidín Thomáis Uí Churraidhin as Seana Mhóinín agus Máire Choilm Ní Churraidhin as Both Loiscthe sna seascaidí.



Seáinín Sheáin Shéamais as Seana Ghurráin agus na Emersons as Gaillimh tar éis lá iascaireachta ar Loch Bhoth Loiscthe.



Cóilín Mháirtín Choilm Ó Curraidhin as an gCré Dhubh taobh amuigh de Tigh Mhaitiú Sheáin Gabha ar an gCnocán Glas sna ceathaireachadaí.



Thuas, Ceathrar Mháméan
Nellie Tom Pheaits Ó Curraoin, Máire Mháirtín Mhicil Ó Coisdealbha, Sarah Mhicil Johnny Ó Cualáin as Both Chuanna, agus Caitlín Sheáinín Mháire Neile Ní Chéidigh, seanmháthair chlann Tom Bán. Ceaptar gur sna fichedaí a tógadh an pictiúr den ceathrar ar an Teach Dóite agus iad ag tógáil scíthe ar a mbealach go Máméan, turas a rinne siad deich n-uaire san iomlán de shiúl a gcas trasna an tsléibhe.



Cé hIad Seo Thall?

Beirt ar a mbealach anoir ón Spidéal – tá béal an bhaile le feiceáil soir uait, bóthar Bhoth Chuanna ag dul suas ar chlé, an bóthar síos go céibh ar dheis agus teach stairiúil ar do dheis chomh maith (Le Tiarna Chill Aithnín?).

Meastar gur tógadh an pictiúr i Lúnasa 1932.

Siar sna Blianta



Chun tosaigh:

Peige Mhicil Uí Fhátharta (Ní Dhomhnaill as an gCeathrú Rua roimh phósta di) agus a fear céile Paddy Ó Fátharta as na Minna.

Ar chúl:

Nóra Mháirtín Uí Neachtain (Fáthartach roimh phósta di), a mac Michael John Ó Neachtain, a fear céile John Mhaidhc Mhaitiú (Ó Neachtain) agus Cóil Phaddy Ó Fátharta (mac le Peige agus Paddy).

Tógadh an pictiúr thart ar 1970.



Thuas: Ar an teallach Tigh Mháirtín Sheáin Gabha ar an gCnocán Glas sna caogadaí - teach mór cuartaíochta agus imirt chártaí.

Ó chlé: Brídín Mhaitiú (ina seasamh), Seán Bheairtle, an dornálaí Seán Thornton, Máirín Mhaitiú (ina seasamh) agus an t-amhránaí Tom Shéamais Uí Chadhain.



Thall: Patrick & Deaideo Paddy Feártaí (Ó Fatharta) as na Minna agus a gharmhac Patrick thart ar 1965?

Thíos: Eddie Mhaidhc Ned Ó Feinneadha as an bPáirc agus Joe Choilm Uí Churraidhin ar Loch Bhoth Loiscthe agus an tOileán Mór ar a gcúl.



Brídín Mhaitiú, Máirtín Vincent Ó Feinneadha agus Joe Ghabha Ó Conghaile ar a sáimhín só ar an gCré Dhubh i dtús na seachtóidí.